Oifig an Choimisinéara um Faisnéise Comhshaoil
Office of the Commissioner for Environmental Information

Caibidil 1: Athbhreithniú ar an mBliain

Caibidil 1: Athbhreithniú ar an mBliain

Réamhrá

Nuair a ceapadh mar Choimisinéir Faisnéise mé i mí na Nollag 2013, ceapadh mar Choimisinéir um Faisnéis Chomhshaoil faoi Rialachán na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil) (AIE) mé chomh maith. Tá Rialacháin AIE bunaithe ar Threoir 2003/4/CE maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis chomhshaoil agus a fholaíonn do réimeas rochtana ar leith in Éirinn seachas an tAcht um Shaoráil Faisnéise (SF). Dá bhrí sin, tá mo ról mar Choimisinéir um Faisnéis Chomhshaoil neamhspleách go dleathach ó mo ról mar Choimisinéir Faisnéise. D'ainneoin sin, bíonn tionchar ag feidhmiú Oifig an Choimisinéara Faisnéise (OIC) ar fheidhmiú Oifig an Choimisinéara um Faisnéis Chomhshaoil (OCEI), mar a phléitear thíos.

Baineann an ceart rochtana faoi Rialacháin AIE le "faisnéis chomhshaoil" faoi choinneáil ag nó i gcomhair "údarás poiblí" laistigh de bhrí na Rialachán. Is é mo ról mar Choimisinéir um Faisnéis Chomhshaoil athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí údaráis áitiúla ar achomharc ó iarrthóirí nach bhfuil sásta le toradh a n-iarratais ar fhaisnéis chomhshaoil. Eascraíonn ceart achomhairc chuig m'Oifig chomh maith i gcás go n-áitíonn an comhlacht nó an duine a ndearnadh iarratas AIE leo nach údarás poiblí é laistigh de bhrí na Rialachán. Tá mo chinntí ar achomharc críochnaitheach agus ceangailteach ar an dá pháirtí lena mbaineann, mura ndéantar achomharc eile leis an Ard-Chúirt laistigh de dhá mhí den chinneadh lena mbaineann.

I gcomhair tuilleadh faisnéise ar fheidhmiú réimeas AIE in Éirinn, tabhair cuairt ar mo shuíomh gréasáin ag www.ocei.gov.ie, ina n-áirítear naisc chuig Tuarascálacha Bliantúla na hOifige seo le blianta anuas, suíomh gréasáin na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus Treoir 2003/4/EC.

Achomhairc agus fiosrúcháin

I rith 2013, fuair m'Oifig naoi n-achomharc déag, sé cinn níos mó ná an bhliain roimhe. Thaifead m'Oifig gur bhain naoi le hocht díobh seo le diúltú measta ar an iarratas lena mbaineann ag an gcéim bhunaidh agus/nó ag an gcéim chinnteoireachta um athbhreithniú inmheánach; is ionann seo agus dúbailt ar an líon diúltuithe measta sa bhliain roimhe. Tarlaíonn diúltú measta nuair a theipeann ar an údarás poiblí cinneadh a eisiúint ar an iarratas laistigh den am ábhartha a shonraítear sna Rialacháin (mí amháin go hiondúil).

Dúnadh sé achomharc déag i gcaitheamh na bliana. Díobh seo, bhí cúig chinneadh fhoirmiúla agus leagtar amach na príomhphointí díobh sa chaibidil a leanas. Foilsíodh na cúig chinneadh iomlána ar shuíomh gréasáin m'Oifige ag www.ocei.gov.ie.

Socraíodh dhá chás mar go ndearnadh comhaontú ar eisiúint na faisnéise trí idirghabháil na hOifige. Sa chéad chás, d'aontaigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath cóip den chonradh le Convanta Energy Corporation i gcomhair thógáil agus oibriú loisceora ag an bPoll Beag, Baile Átha Cliath, faoi réir scriosadh faisnéise airgeadais áirithe. Bhain an dara cás le hiarratas a rinne Cairde Chomhshaol na hÉireann (FIE) le Suirbhéireacht Ordanáis Éireann ar rochtain ar aershuirbhéireacht 1973. San athbhreithniú a rinne an Oifig seo, b'éigean saincheisteanna casta a bhain le dlí na cóipchirt a chur san áireamh, ach ag deireadh an lae oibríodh amach socrú sásúil, inar áiríodh rochtain ar bhonn céimnithe le cóipeanna "seat den scáileán" de na grianghraif le húsáid go hinmheánach ag FIE. Achomharc eile, a bhain le hiarratas a rinneadh le Foras na Mara ar shonraí taighde a bhain le rátaí básmhaireachta na mbradán ar imirce le sruth, a aistarraingíodh ar deireadh tar éis gur cuireadh an fhaisnéis chomhshaoil ar fad a iarradh ar fáil don iarrthóir, próiseas a d'éascaigh an Oifig seo go mór.

Aistarraingíodh dhá achomharc eile, ceann roimh agus ceann díreach tar éis glactha, mar gheall gur cuireadh an fhaisnéis a iarradh ar fáil do na húdaráis phoiblí ábhartha, cé go raibh sé deireanach. Aistarraingíodh achomharc eile tar éis teagmhálacha le m'Oifig mar gheall ar imeacht ama agus feabhsúcháin a rinneadh idir an dá linn i ndáil le córas rochtana ar líne san tSeirbhís Foraoiseachta. Measadh go raibh na hachomhairc eile a dúnadh in 2013 neamhbhailí, go príomha as teipeadh cloí leis na hamscálaí ábhartha faoi na Rialacháin.

D'eascair níos lú ná trian de na hachomhairc as iarratais le ranna rialtais agus údaráis áitiúla anuraidh. Áiríodh le húdaráis phoiblí eile a ndearnadh achomhairc ar a gcinntí an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Fuinneamh Inmharthana Éireann, Coillte, ESB Networks, an Garda Síochána, Eirgrid Cpt, agus an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh.

Bhí naoi gcás déag idir lámha ag deireadh na bliana, ardú trí chás ón mbliain roimhe. Thaifead m'fhoireann 46 fhiosrúchán ginearálta faoi na Rialacháin.

Airteagal 12(6) de na Rialacháin

Tugann airteagal 12(6) cumhachtaí áirithe dom i ndéileáil le hachomharc. Féadfaidh mé:

- éileamh ar údarás poiblí faisnéis chomhshaoil a chur ar fáil dom,
- scrúdú a dhéanamh ar fhaisnéis chomhshaoil atá faoi choinneáil ag údarás poiblí agus cóipeanna a thógáil de, agus
- dul isteach ar aon áitreabh de chuid an údaráis phoiblí chun faisnéis chomhshaoil a fháil.

Tá mé sásta a thuairisciú nach raibh gá dom an fhoráil seo a ghairm in 2013.

Saincheisteanna a d'Eascair

Ina Tuarascálacha Bliantúla, léirigh mo réamhtheachtaí roinnt deacrachtaí praiticiúla a bhí ag OCEI i ndáil le feidhmiú réimeas AIE. De bharr an riaráiste mór, caithfidh mé arís dul i ngleic le ceist na n-acmhainní. Is mian liom chomh maith aird a tharraingt ar theorainneacha mo shainchúram, na fadhbanna atá le tairseach na gceisteanna dlínsiúla, agus an gá atá le cleachtais riaracháin níos fearr ag údaráis phoiblí i ndáil le próiseáil iarratas AIE nó, níos fearr fós, iarratais AIE a sheachaint ar an gcéad dul síos trí scaipeadh gníomhach na faisnéise comhshaoil i gcloí le hAirteagal 5 de na Rialacháin.

Acmhainní

Go stairiúil, ní raibh dóthain acmhainní ag OCEI. Cé go bhfuil sé neamhspleách go dlíthiúil ó OIC, ní fhaigheann OCEI leithdháileadh maoinithe ar leith ón Stát. Ina ainneoin sin, folaíonn Airteagal 12(10) de Rialacháin AIE go gcuideoidh foireann OIC agus "acmhainní eile a bheidh ar fáil don oifig sin, ó am go ham" leis an gCoimisinéir um Faisnéis Chomhshaoil.

Chuir Éire, tríd an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, a céad Thuarascáil um Fhorfheidhmiú Náisiúnta maidir le forfheidhmiú Choinbhinsiún Aarhus in Éirinn chuig rúnaíocht Choinbhinsiún Aarhus ar an 31 Nollaig 2013. Réitigh an Roinn dhá réamh-dhréacht-tuarascáil agus d'fháiltigh sí roimh nótaí tráchta ó gheallsealbhóirí, ó bhaill an phobail agus ó pháirtithe leasmhara eile, ach ní raibh an Oifig seo i measc na bpáirtithe ar tugadh cuireadh dóibh trácht a dhéanamh. Ach, áiríodh sna saincheisteanna ar leith a ardaíodh i gcomhthéacs na n-aighneachtaí a fuair an Roinn easpa acmhainní an OCEI agus an t-am a ghlactar le hachomhairc a éisteacht (ríomhadh an meánam i gcomhair achomhairc agus 12.3 mí).

Tugtar le fios sa Tuarascáil um Fhorfheidhmiú go "maoinítear an OCEI trí leithdháileadh ginearálta rialtais le hOifig an Ombudsman agus gur leis an Oifig an maoiniú a leithdháileadh chuig na comhlachtaí áirithe faoina shainchúram mar a mheasann sé a bheith cuí". D'ainneoin sin, ba mhaith liom a shoiléiriú, tar éis comhfhreagras leis an Roinn ar an gceist, gur scríobh an Oifig seo go díreach leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i

bhFeabhra 2012 chun leithdháileadh airgeadais ar leith a iarradh i gcomhair an OCEI, go háirithe i ndáil le costais dhlí a thabhaítear i bhfeidhmiú feidhmeanna an Choimisinéara faoi Rialacháin AIE. Go dáta, ní dhearnadh an fhoráil airgeadais sin leis an OCEI, rud a fhágann deacrachtaí agam de bharr an líonn saincheisteanna dlí casta nó nua a ardaítear go leanúnach agus Rialacháin AIE á gcur i bhfeidhm. Ach, aithnítear sa Tuarascáil um Fhorfheidhmiú: "tá deacrachtaí maoinithe suntasacha ann do gach eagraíocht seirbhíse poiblí, lena n-áirítear Oifig an Ombudsman de bharr na ndúshlán geilleagair suntasach atá ag an Stáit ag eascairt as an ngéarchéim airgeadais".

Tá mé sásta, agus mé á scríobh seo, go bhfuil ceithre Oifigeach Riaracháin nua le teacht chuig OIC go gairid. Ba cheart go bhfeabhsódh na hacmhainní foirne breise, mar aon le forfheidhmiú athchóirithe ag eascairt as athbhreithniú eagraíochtúil a rinneadh le déanaí, réiteach cásanna agus tréchur ar an iomlán go suntasach. De bhrí go roinneann OIC agus OCEI acmhainní foirne, úsáideann an dá Oifig struchtúir agus próisis chosúla; dá bhrí sin, is dóchúil go mbeidh tionchar ag athbhreithniú eagraíochtúil OIC go díreach agus go hindíreach ar phróiseáil achomhairc AIE. D'ainneoin sin, níl mórán acmhainní le spáráil ag OIC san am i láthair. Tá riachtanas orm faoin Acht um SF chun athbhreithnithe a dhéanamh laistigh de cheithre mhí ó fhaightear an t-iarratas sa mhéid is indéanta, dualgas a chaithfidh mé aird a bheith agam air i ndáil le cinneadh ar bith maidir le suaitheadh acmhainní laistigh de mo Vóta. Tá an líon cásanna SF nua ag dul i méid, agus táthar ag súil le méadú suntasach eile ar an éileamh nuair a achtaítear an Bille um SF ina dhlí. Anuas air sin, glacann go leor athbhreithnithe SF agus formhór na n-achomharc AIE go leor ama de bharr tosca cosúil le líon na dtaifead lena mbaineann, castacht an ábhair agus/nó na saincheisteanna dlí a eascraíonn, moill i bhfáil na faisnéise a theastaíonn ó na comhlachtaí lena mbaineann, an gá le comhairleoireacht tríú páirtí agus ionchais na n-iarrthóirí. Is dóchúil nach mbeidh ach tionchar teoranta ag an athbhreithniú eagraíochtúil ar amanna réitithe aonair do cásanna den chineál seo.

Ach, tá an líon achomharc AIE ag dul i méid, agus é mar thoradh air sin go bhfuil an riaráiste tar éis fás d'ainneoin méadú sa ráta dúnta. Is oth liom an mhoill iarmhartach a bhaineann le hachomhairc AIE a thabhairt chun críche, ach, mar a d'aithin mo réamhtheachtaí, beidh sé deacair an mhoill a shárú de bharr éilimh an réimeas AIE mar a fheidhmíonn sé i láthair na huaire in Éirinn ar lámh amháin agus ganntanas na n-acmhainní atá ar fáil ar an lámh eile. D'ainneoin sin, i mo Phlean Straitéiseach, tá mé tiomanta d'iarracht a dhéanamh seirbhís d'ardchaighdeán agus tráthúil a chur ar fáil do bhaill an phobail i bhfeidhmiú m'fheidhmeanna faoin Acht um SF agus na Rialacháin AIE. Dá réir sin, rinneadh bearta cheana féin chun acmhainní foirne a mhéadú san OCEI, agus táthar ag súil go mbeidh struchtúir, próisis, cláir oiliúna agus córais bhainistithe faisnéise i bhfeidhm go gairid agus go bhfeabhsóidh sé sin aschur agus go laghdóidh sé riaráiste sa dá Oifig.

Teorainneacha an tsainchúraim

Is léir go bhfuil roinnt mearbhaill i measc an phobail agus na n-údarás poiblí araon maidir le mo ról faoi Rialacháin AIE. Is é an t-aon fheidhm atá agam mar Choimisinéir um Faisnéis Chomhshaoil cinneadh a dhéanamh ar achomhairc a rinneadh i gceart faoi Airteagal 12 de na Rialacháin. Níl aon ról reachtúil ar leith agam i ndáil le droch-chleachtas líomhnaithe ag údaráis phoiblí faoi na Rialacháin ná níl dlínse agam imscrúdú a dhéanamh ar chásanna nach ndearnadh achomharc foirmiúil orthu. Tugaim faoi deara go háirithe nach bhfuil aon chumhachtaí forfheidhmithe ag m'Oifig i ndáil le hAirteagal 5 de na Rialacháin.

Forchuireann Airteagal 5 dualgais shuntasacha ar údaráis phoiblí atá ríthábhachtach i gcomhair riarachán éifeachtach an réimis AIE. Áirítear na nithe seo a leanas le riachtanais Airteagal 5:

- an pobal a chur ar an eolas faoina gcearta faoi na Rialacháin agus faisnéis agus treoir a thabhairt maidir le feidhmiú na gcearta sin;
- gach iarracht réasúnach a dhéanamh chun faisnéis chomhshaoil atá faoi choinneáil ag nó ar son údaráis phoiblí a chothabháil ar bhealach atá éasca le hathghiniúint agus le rochtain trí theicneolaíocht faisnéise nó trí mheán leictreonach eile;
- cinntiú go bhfuil faisnéis chomhshaoil a chuireann an t-údarás poiblí i dtolla chéile nó a chuirtear i dtoll a chéile dóibh suas chun dáta, cruinn agus inchomparáide;
- cláir nó liostaí den fhaisnéis chomhshaoil atá faoi choinneáil ag an údarás poiblí a chothabháil agus oifigeach faisnéise a shannadh chun na críocha sin nó pointe faisnéise a chur ar fáil chun léirithe soiléire a thabhairt faoin áit ar féidir teacht ar an bhfaisnéis sin.

Tá Airteagal 5 de na Rialacháin bunaithe go mór ar Airteagal 7 den Treoir, a dhíorthaíonn as Airteagal 5 de Choinbhinsiún Aarhus. De réir Thuarascáil um Fhorfheidhmiú Choinbhinsiún Aarhus, cuireadh isteach i rith an tsainchomhairliúcháin phoiblí gur dúshlán le forfheidhmiú Airteagal 5 a bhí in teorainn a churle dlínse OCEI chuig cásanna a bhaineann le hAirteagal 4 den Choinbhinsiún [a bhaineann le rochtain ar fhaisnéis chomhshaoil ar iarratas]. D'fhreagair an Stát leis an aighneacht seo leis an méid seo a leanas: "Ach, ní éilíonn Coinbhinsiún Aarhus go mbeadh nós imeachta athbhreithnithe i bhfeidhm i gcomhair airteagal 5 de Choinbhinsiún Aarhus."

Cibé an dearmad atá ann nach bhfuil nós imeachta athbhreithnithe an do dhualgais Airteagal 5 nó nach ea, níl mé in ann feidhmeanna a ghlacadh nach bhfuil bronnta orm le reacht. Bheadh sé míchuí dom dar ndóigh gníomhú ar bhealach ultra vires i gcás ar bith, ach níl na hacmhainní agam ach oiread dul taobh amuigh de theorainneacha mo shainchúraim. Thagair mé thuas d'achomharc a bhain le hiarratas a rinneadh le Foras na Mara ar shonraí taighde a bhain le rátaí básmhaireachta na mbradán ar imirce le sruth. Rinne institiúid acadúil an t-iarratas agus dhiúltaigh sé i dtosach an t-achomharc a aistarraingt fiú tar éis gur cuireadh an fhaisnéis chomhshaoil ar fad a iarradh ar fáil dó. Níor chuir an t-iarrthóir i gcoinne gur eisíodh an fhaisnéis ábhartha ar fad a bhí faoi choinneáil ag Foras na Mara, ach lorg sé go

soiléireofaí faisnéis ar leith. I bhfocail eile, ba léir gur lorg an t-iarrthóir go héifeachtúil a chinntiú go raibh an fhaisnéis a eisíodh suas chun dáta agus cruinn. Ba mhaith liom a rá nach bhfuil sé laistigh de mo shainchúram riachtanas a fhorfheidhmiú go gcinnteodh údarás poiblí go bhfuil faisnéis chomhshaoil a chuireann an t-údarás poiblí i dtolla chéile nó a chuirtear i dtoll a chéile dóibh suas chun dáta, cruinn agus inchomparáide. Níl aon ról breise ag m'Oifig sa cheist nuair a aontaíonn an t-údarás poiblí an fhaisnéis a iarradh a eisiúint, d'ainneoin an bhfuil argóint maidir le cruinneas na faisnéise. Sna cásanna sin, measaim go bhfuil sé cuí mo lánrogha a chleachtadh le deimhniú go bhfuil an t-achomharc aistarraingthe faoi Airteagal 15(5) de na Rialacháin.

Ceisteanna tairseacha dlínse

Baineann réimse eile ina mbíonn mearbhall le scóip dhlínse réimeas iomlán AIE. Sa RA, is féidir glacadh go bailí le hiarratas aonair a chlúdaíonn faisnéis chomhshaoil agus neamhchomhshaoil i ndáil leis an dá chineál faisnéise agus is féidir déileáil leis ansin tríd an bpróiseas foriomlán céanna faoin Acht um SF agus/nó faoi na Rialacháin um Fhaisnéis Chomhshaoil (EIRanna) de réir mar is cuí. In Éirinn, caithfidh údaráis agus comhlachtaí poiblí cúnamh a thabhairt d'iarrthóir, más cuí, le hiarratas bailí a dhéanamh, ach i gcás ar bith, caithfear a lua go sonrach san iarratas an bhfuil sé á dhéanamh faoi na Rialacháin AIE nó faoin Acht um SF. Má dhéantar faoi na Rialacháin AIE é, d'fhéadfaí é a dhiúltú ar an mbonn nach mbaineann sé le "faisnéis chomhshaoil", mar nach mbaineann an ceart rochtana faoi AIE ach i ndáil le faisnéis chomhshaoil mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) de na Rialacháin; d'ainneoin an dualgas le cúnamh a thabhairt, níl aon mheicníocht mhainneachtain uathoibríoch le déileáil leis an iarratas faoin Acht um SF. Má dhéantar an cheist a achomharc ansin chuig m'Oifig, ba cheart a chinneadh go sainráite an mbaineann an t-iarratas le faisnéis chomhshaoil nó nach mbaineann mar cheist dlínse tairseach, mar nach mbaineann mo chumhachtaí mar Choimisinéir um Faisnéis Chomhshaoil ach i ndáil le faisnéis chomhshaoil. Eascraíonn an fhadhb chéanna i gcás go n-áitíonn an comhlacht nó an duine a ndearnadh an t-iarratas AIE leo nach údarás poiblí é laistigh de bhrí na Rialachán. Anuas air sin, tugaim faoi deara, chomh fada is gur léir go bhfuil an t-údarás poiblí (ceart nó argóinte) ag gníomhú le hintinn mhaith, ní úsáid mhaith as acmhainní an-teoranta na hOifige seo a bheadh ann déileáil le saincheisteanna substaintiúla sa mhalairt fad is go bhfuil ceisteanna bailí um thairseach dlínse fós ann.

Mar a pléadh sa chéad chinneadh a d'eisigh mé nuair a ceapadh mar Coimisinéir um Faisnéis Chomhshaoil mé (feic Cás CEI/12/0004, an tUasal Gavin Sheridan agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (20 Nollaig 2013), ar fáil ar www.ocei.gov.ie) is léir don gur mar seo a leanas an cur chuige is ciallmhaire le déileáil le hachomhairc a bhaineann le saincheisteanna bailí um thairseach dlínse sna cúinsí: Nuair a dhéantar cinneadh ar cheist na tairsí, ba cheart an cás a dhúnadh, go riaracháin má aontaítear sin ach ar bhealach eile trí chinneadh ceangailteach. Má chinntear go bhfuil an cheist laistigh de shainchúram AIE, agus nach ndéantar aon achomharc leis an Ard-Chúirt, ba cheart don údarás poiblí ansin déileáil leis an iarratas de réir na Rialachán. Mura mbíonn an t-iarrthóir sásta fós le láimhseáil a iarratais/a

hiarratais tar éis athbhreithniú inmheánach agus má dhéanann sé/sí achomharc arís leis an Oifig seo i ndáil leis an iarratas bunaidh, athosclófar an cheist go riaracháin gan táille nua a íoc agus tabharfaidh an Oifig seo tosaíocht de a mhéid agus is féidir go praiticiúil a dhéanamh. Más léir, áfach, gur ardaíodh ceisteanna um thairseach dlínse mar bhealach le moill a chur ar an gcás, is féidir cur chuige malartach a thógáil.

An gá le cleachtais riaracháin feabhsaithe

Cé nach bhfuil aon chumhachtaí forfheidhmithe ag an Oifig seo i ndáil le hAirteagal 5 de na Rialacháin, ba léir di cheana go laghdódh cloí lena riachtanais um bainistiú faisnéise an líon acmhainní foirne a theastaíonn chun faisnéis chomhshaoil a chuardach agus a aisghabháil. D'fhéadfaí teacht roimh an ngá le hiarratas rochtana foirmiúil sa chéad áit dá scaipfí an fhaisnéis chomhshaoil atá ag an údaráis poiblí go gníomhach trína foilsiú ar a shuíomh gréasáin. Mar a thugtar le fios thuas, aistarraingíodh achomharc amháin anuraidh tar éis feabhsúcháin a rinneadh i ndáil le córas rochtana ar líne san tSeirbhís Foraoiseachta.

Laghdófaí an líon achomharc bailí agus neamhbhailí a fhaigheann m'Oifig chomh maith dá mbeifí ag cloí le hAirteagal 5 agus le forálacha riaracháin eile na Riarachán. Tá na spriocamanna reachtúla chun cinntí a eisiúint ar iarratais AIE agus ar athbhreithniú inmheánach éigeantach. Caithfidh údarás poiblí freagairt d'iarratas laistigh de mhí amháin ón fhaightear é. I gcás go bhfuil cúiseanna cuí um mhéid nó castacht, ceadaíonn na Rialacháin do shíneadh ama chun cinneadh bunaidh a dhéanamh ar feadh tréimhse nach déanaí ná dhá mhí ón dáta a fuarthas an t-iarratas i scríbhinn, ach caithfear an t-iarrthóir a chur ar an eolas i scríbhinn sula n-éagann an spriocam bunaidh de mhí amháin. Tarlóidh diúltú measta don iarratas mura sásaítear spriocamanna reachtúla, agus ina dhiaidh sin tosaíonn sé an tréimhse chun athbhreithniú inmheánach nó seachtrach a fháil ar an gcinneadh diúltaithe. Neamhchosúil leis an Acht um SF, ní dhéantar foráil sna Rialacháin AIE do shíneadh sa tréimhse le hiarratas a dhéanamh ar athbhreithniú inmheánach, as a dteipeann ar iarrthóirí an spriocam ábhartha a shásamh i gcás go ndearna údaráis phoiblí cúrsaí níos casta trí fhreagraí deireanacha.

Bheadh sé úsáideach, agus ina dhea-chleachtas ginearálta, dá n-aithneodh údaráis phoiblí iarratais AIE nuair a fhaightear iad agus comhairle a chur ar na hiarrthóirí maidir leis na spriocamanna infheidhmithe chun gníomh a thógáil ar iarratais, lena n-áirítear i ndáil le hathbhreithniú inmheánach agus, más cuí, an ceart achomhairc leis an Oifig. Áirítear le forálacha riaracháin ábhartha eile an gá le cúnamh a thabhairt i ndéanamh iarratais ar fhaisnéis chomhshaoil, an gá le cúnamh a thabhairt i réiteach iarratais ar leith más gá, agus an gá le gach iarracht réasúnach a dhéanamh le teagmháil a dhéanamh leis an tríú páirtí lena mbaineann más cuí; ní hionann na riachtanais seo, astu féin, agus spriocamanna reachtúla chun cinneadh a dhéanamh ar iarratas, áfach.

> *"Bheadh sé úsáideach .... dá n-aithneodh údaráis phoiblí iarratais AIE nuair a fhaightear iad agus comhairle a chur ar na hiarrthóirí maidir leis na spriocamanna infheidhmithe chun gníomh a thógáil ar iarratais"*

Breithiúnais Ard-Chúirte agus Chúirte Uachtaraí

Féadfaidh páirtí le hathbhreithniú chuig m'Oifig nó aon duine eile a bhfuil tionchar ag mo chinneadh orthu achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phointe dlí ón gcinneadh. Seachadadh an breithiúnas sa chás An Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní v. An Coimisinéir um Faisnéis Chomhshaoil [2013] IEHC 86, san Ard-Chúirt (Mac Eochaidh J) ar an 27 Feabhra 2013, inar seasadh le cinneadh mo réamhtheachtaí i gCás CEI/10/0005, an tUasal Gavin Sheridan agus An Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (13 Meán Fómhair 2011), inar chinn sí gur údarás poiblí atá i NAMA laistigh de bhrí na Rialachán. Rinne NAMA achomharc ar an mbreithiúnas leis an gCúirt Uachtarach, atá chun an cás a éisteacht ar an 7 Aibreán 2014. Cuireadh siar trí chomhaontú achomharc chuig an Ard-Chúirt i gcás den chineál céanna, CEI/10/0007, an tUasal Gavin Sheridan agus Banc Angla-Éireannach (29 Meán Fómhair 2011) ag déileáil le scóip shainmhíniú an údaráis áitiúil, ar feitheamh toradh achomhairc NAMA.

Aistarraingíodh achomharc eile a thug Bord na Móna chun na hArd-Chúirte i ndáil le CEI/12/0003, an tUasal Andrew Jackson agus Bord na Móna (23 Meán Fómhair 2013) tar éis do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh breithiúnas a sheachadadh a measadh go raibh tionchar díreach acu ar an achomharc.

D'aistarraing m'Oifig a achomharc leis an gCúirt Uachtarach in aghaidh bhreithiúnas an Uasail O'Neill in An Taoiseach v. An Coimisinéir um Faisnéis Chomhshaoil [2010] IEHC 241 (Cás CEI/07/0005) go luath in 2014. Mheas mé nach raibh sé stuama dom achomharc sa Chúirt Uachtarach a thógáil a dúradh liom gur dóchúil nach n-éireodh leis, go háirithe de bhun na srianta airgeadais géara ina gcaitheann an Oifig feidhmiú sa timpeallacht eacnamaíochta deacair i láthair na huaire.

Staitisticí

Achomhairc faighte: 19



An líon achomharcóirí le CEI: 13



Toradh achomharc CEI de réir bliana



Toradh achomharc CEI de réir bliana

- 5 chinneadh
- 5 neamhbhailí
- 4 aistarraingthe
- 2 socraithe

Diúltú Measta

Tarlaíonn diúltú measta nuair a theipeann ar an údarás poiblí cinneadh a eisiúint ar an iarratas laistigh den am ábhartha a shonraítear sna Rialacháin (mí amháin go hiondúil).

In 2013, thaifead m'Oifig diúltú measta a bhain le seacht n-údarás poiblí nár fhreagair iarratais laistigh den teorainn ama a leagtar amach sna Rialacháin.



Diúltú measta ag an gcéad chéim den iarratas

Thaifead m'Oifig cuig iarratas le húdaráis phoiblí mar dhiúltú measta ag an gcéad chéim den iarratas. Is iad na húdaráis phoiblí:

- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil,
- Fuinneamh Inmharthana Éireann,
- An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha,
- Coillte, agus
- Eirgrid.

Diúltú measta ag an dara céim den iarratas

Thaifead m'Oifig cuig iarratas le húdaráis phoiblí mar dhiúltú measta ag an dara céim den iarratas. Is iad na húdaráis phoiblí:

- Fuinneamh Inmharthana Éireann,
- ESB Networks (dhá iarratas),
- An Garda Síochána, agus
- Eirgrid.

Diúltú measta ag an dá chéim de na hiarratais

Thaifead m'Oifig dhá cinn de na hiarratais a luaitear thuas mar dhiúltú measta ag an dá chéim den iarratais. Is iad na húdaráis phoiblí:

- Fuinneamh Inmharthana Éireann, agus
- Eirgrid.



Nama subject to information requests following ruling

by Ann O'Loughlin

A High Court ruling yesterday means Nama is subject to Access to Information on the Environment (AIE) requests.

Irish Examiner 28-02-2013



FOI request for horse meat records refused

Department says that 'on balance, there is no public interest in releasing the records'

PAMELA DUNCAN and **ALISON HEALY**

The Department of Agriculture has refused to release a large number of records under the Freedom of Information (FOI) Act that relate to test results taken during the horse meat controversy.

Irish Times 30-03-2013

Oifig an Choimisinéara um Faisnéise Comhshaoil
Office of the Commissioner for Environmental Information

Caibidil 2: Cinntí

Caibidil 2: Cinntí

Sa chaibidil seo, tuairiscím ar na cinntí a rinneadh in 2013. Tá téacs iomlán na gcinntí seo le fáil ar mo shuíomh gréasáin ag **www.ocei.gov.ie**.

Cás CEI/11/0007, an tUasal Pat Swords agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an Roinn) – Cinneadh an 20 Feabhra 2013

An raibh an Roinn ceart chun táille a ghearradh ar na costais a bhain leis an bhfaisnéis a bhí i gceist a chuardach agus a aisghabháil

Mhol an Roinn táille chuardaigh agus aisghabhála €146.65 a ghearradh chun iarratas an iarrthóra ar thaifid "a bhaineann le rannpháirtíocht an phobail agus le forbairt beartais agus reachtaíochta" a phróiseáil. Chinn an t-iarChoimisinéir Emily O'Reilly, Uasal, nach bhfuil sé ceadaithe, ná réasúnach agus aird chuí ar an Treoir, go ngearrfadh údarás poiblí táillí cuardaigh agus aisghabhála as an obair a bhaineann le hiarratas AIE a phróiseáil. B'fhacthas di nach bhfuil obair den chineál sin mar chuid den soláthar faisnéise a bhfuil sé ceadaithe táille a ghearradh air; ná níl sé ceadaithe táille a ghearradh as cuardach agus aisghabháil comhoiriúnach de bharr an cosc atá ar tháillí ar imscrúdú in situ ar an bhfaisnéis a iarradh. Mheas sí go mbeadh táille den chineál sin contrártha d'aidhm na Treorach AIE agus na cleachtais bhainistithe faisnéise nó taifid a éilítear ar údaráis phoiblí faoin réimeas AIE.

Thug sí faoi deara, faoin réimeas AIE reatha, go bhfuil sé i gceist go mbeadh an fhaisnéis chomhshaoil atá faoi choinneáil ag údaráis phoiblí eagraithe go córasach, catalógaithe, agus ar a laghad réidh le scaipeadh gníomhach ar an bpobal. Chinn sí go mbeadh sé neamhréir leis na cuspóirí seo táille a ghearradh ar chostais chuardaigh agus aisghabhála. Ghlac sí leis, áfach, go bhféadfaí na costais a bhaineann leis an bhfaisnéis a chur i dtoll a chéile nó a chóipeáil a áireamh i dtáille chun an fhaisnéis chomhshaoil a chur ar fáil faoi na Rialacháin.

Cás CEI/12/0008, Iníon Attracta Uí Bhroin agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (an Roinn) – Cinneadh an 13 Márta 2013

An raibh an Roinn ceart diúltú d'iarratas an achomharcóra ar liosta d'iarratais AIE ar an mbunús nach faisnéis chomhshaoil laistigh de bhrí na Rialachán atá san fhaisnéis lena mbaineann

I gCás CEI/11/0001, an tUasal Gavin Sheridan agus Banc Ceannais na hÉireann (26 Márta 2012), ar fáil ar www.ocei.gov.ie, ghlac iníon O'Reilly leis, le roinnt forchoimeádais, gur gníomhaíocht laistigh de raon mhír (c) den sainmhíniú atá i dtaisteal i gcarr. Ach, cheistigh sí an raibh sé i gceist go gcuimseodh sainmhíniú na faisnéise comhshaoil gníomhaíochtaí na mball foirne aonair in údaráis phoiblí i gcomparáid le bearta ardleibhéil cosúil le beartais, reachtaíocht, pleananna, cláir, agus comhaontuithe comhshaoil, i.e. na samplaí a thugtar in alt (c). Sa chás seo, rinne sí tuilleadh breith de bhun a cinneadh in CEI/11/0007, an tUasal Pat Swords agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, dá dtagraítear thuas.

Mheas Iníon O'Reilly gurbh é comhthoradh is gá a bheith le riachtanais réimeas AIE go gceadaítear do na húdaráis phoiblí cur chuige réasúnach, cuspóireach agus pragmatach a ghlacadh i leith sainmhíniú na faisnéise comhshaoil. Sa bhreis air sin, thug sí faoi deara, sa "Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus Parlaimint na hEorpa maidir leis an taithí a fuarthas i bhfeidhmiú na Treorach 2003/4/EC ar rochtain phoiblí le faisnéis chomhshaoil", dar dáta an 17 Nollaig 2012, go ndearna an Coimisiún Eorpach difreáil idir na cearta rochtana atá ann d'fhaisnéis chomhshaoil, a ndearnadh cur síos orthu mar "fhaisnéis i bhfoirm ar bith ar riocht an chomhshaoil nó ar riocht shláinte agus sábháilteachta daonna", ar lámh amháin, agus "faisnéis riaracháin ghinearálta" ar an lámh eile.

Ghlac Iníon O'Reilly leis gur bearta atá sna Rialacháin AIE agus sa Treoir a dearadh chun gnéithe den chomhshaol a chosaint, ach ar bhealach indíreach agus mianaidhme amháin. Mheas sí go bhfuil an nasc idir iarratais AIE, lena n-áirítear an gníomh riaracháin a glacadh ar iarratais, agus aon tionchar comhshaoil, róchianda agus faoi réir an iomarca athraitheacha d'fhaisnéis ar iarratais le cáiliú mar fhaisnéis chomhshaoil laistigh de bhrí mhír (c) den sainmhíniú. Sa bhreis air sin, cé go gcruthófar comhshaol níos fearr de bharr rochtain phoiblí ar fhaisnéis chomhshaoil trí rannpháirtíocht poiblí níos éifeachtaí i gcinnteoireacht chomhshaoil, níor ghlac sí leis go bhfuil próiseáil iarratas AIE ag údaráis phoiblí "deartha" ann féin chun na gnéithe sin den chomhshaol nó eile a cháilíonn mar bheart nó gníomhaíocht laistigh de bhrí mhír (c) den sainmhíniú um fhaisnéis chomhshaoil. Chinn sí go raibh cinneadh na Roinne le hiarratas an achomharcóra a dhiúltú ceart. Thug sí faoi deara, áfach, go raibh an t-iarrthóir i dteideal iarratas a dhéanamh ar na taifid a lorgaíodh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

CEI/12/0005, an tUasal Pat Swords agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an Roinn) – Cinneadh an 20 Meán Fómhair 2013

An raibh an Roinn ceart diúltú d'iarratas an achomharcóra i ndáil le sainchomhairliúchán poiblí ar bheartas agus reachtaíocht aeráide

As chás seo, chinn Iníon O'Reilly go raibh an Roinn ceart diúltú d'iarratas an iarrthóra faoi Airteagal 9(2)(a) agus (b) de na Rialacháin. Ceadaíonn Airteagal 9(2) de na Rialacháin d'údarás poiblí diúltú d'fhaisnéis chomhshaoil a chur ar fáil i gcás go bhfuil iarratas (a) "míréasúnach go follasach agus aird chuí ar mhéid nó réimse na faisnéise a lorgaítear", nó (b) "curtha le chéile ar bhealach róghinearálta, agus Airteagal 7(8) á chur san áireamh". I gcás go bhfuil iarratas a dhéantar róghinearálta, éilítear ar údarás poiblí faoi Airteagal 7(8), cuireadh a thabhairt don iarrthóir, a luaithe agus is féidir agus laistigh de mhí amháin ó fhaigheann siad an t-iarratas, iarratas níos sonraí a dhéanamh agus chun cúnamh a thabhairt don iarrthóir chun an t-iarratas sin a réiteach.

Mheas Iníon O'Reilly go bhfuil an téarma "neamhréasúnach go follasach" sách soiléir chun seasamh d'aon iarratas atá leathan nó neamhchinntithe, gan tuilleadh mínithe, a rinneadh le drochintinn nó ar dóigh ar bhealach eile go ndearnadh é chun críche éigin nach mbaineann leis an bpróiseas. Ba léir sa chás seo nár lorg an t-iarrthóir rochtain ar aon fhaisnéis chomhshaoil so-aitheanta a chreid sé a d'fhéadfadh a bheith faoi choinneáil ag an Roinn. Ina ainneoin sin, rinne sé iarracht dúshlán a thabhairt don chaoi a bhrath an Roinn ar spriocanna éigeantacha um maolú gáis cheaptha teasa atá mar bhunús ag an gclár náisiúnta um beartas agus reachtaíocht aeráide agus ceisteanna a ardú faoi rún na Roinne "aird chuí a thabhairt ar" "gach" aighneacht a rinneadh i gcomhthéacs an tsainchomhairliúcháin phoiblí a bhí á dhéanamh nuair a rinneadh an t-iarratas. Cé gur aithin Iníon O'Reilly go raibh conspóid faoi na tiomantais a rinneadh ag leibhéal náisiúnta agus AE chun astaíochtaí gháis cheaptha teasa a laghdú, chinn sin dá ainneoin sin gur léirigh iarratas an iarrthóra mí-úsáid ar cheart rochtana faoi Airteagal 6 de Rialacháin AIE. Chinn sí go raibh an t-iarratas faoi réir diúltaithe faoi Airteagal 9(2)(a) sna cúinsí seo.

Go malartach, chinn Iníon O'Reilly go raibh feidhm ag Airteagal 9(2)(b). Cé nach ndearna an Roinn ach iarracht teoranta cuidiú leis an iarrthóir de réir Airteagal 7(8), ba léir óna fhreagra gasta agus tobann le teachtaireacht na Roinne nach raibh sé dóchúil go leasódh sé a iarratas chun é a dhéanamh níos sonraí. Luaigh an Coimisinéir, cé go bhforchuireann Rialacháin AIE dualgais shuntasacha ar údaráis phoiblí, bhí sé de dhualgas ar an iarrthóir gníomhú go réasúnach agus le hintinn mhaith agus a iarratas á dhéanamh. Mheas sí chomh maith, mar cheist ghinearálta, gur tábhachtaí an leas a bhaineann le diúltú ná "leas an phobail a bhaineann le nochtadh" i gcás, cosúil leis seo, nuair is cosúil go ndearnadh an t-iarratas ar chúis neamhbhainteach leis an bpróiseas rochtana.

Cás CEI/12/0003, an tUasal Andrew Jackson, Cairde Chomhshaol na hÉireann, agus Bord na Móna (BnM) – Cinneadh an 23 Meán Fómhair 2013

An raibh BnM ceart diúltú d'iarratas an achomharcóra ar an mbunús nach údarás poiblí atá ann laistigh de bhrí na Rialachán

Is í an cheist a bhí sa chás seo an údarás poiblí atá in BnM laistigh de bhrí na Rialachán. Agus cinneadh á dhéanamh ar an gceist seo, scrúdaigh Iníon O'Reilly stair BnM agus bhí aird aici ar dhualgais agus cumhachtaí reachtacha atá fós infheidhme leis an gcuideachta, atá, mar a thug sí le fios, faoi úinéireacht phoiblí. Bhí aird aici chomh maith ar shocruithe maoirseachta leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

Chuir Iníon O'Reilly béim ar fheidhmeanna BnM a bheith bunaithe sa reachtaíocht agus go n-áirítear leo dualgais ar leith i ndáil leis an gcomhshaol, eadhon, móin, portaigh agus "tailte eile", atá ina ngnéithe den chomhshaol. Thug sí le fios chomh maith go ndéanann BnM gníomhaíochtaí agus go soláthraíonn sé seirbhísí i ndáil leis an gcomhshaol. Cé gur ghlac sí leis go bhfeidhmíonn BnM a fheidhmeanna ar bhonn tráchtála, mheas sí nach ndéanann sé sin chun leas an phobail, ní i gcomhair "brabach príobháideach". Chinn sí gur údarás poiblí atá in BnM laistigh de bhrí Airteagal 3(1)(b) de na Rialacháin sa mhéid is gur duine dlíthiúil é a "fheidhmíonn feidhmeanna riaracháin poiblí faoi dhlí náisiúnta, lena n-áirítear dualgais, gníomhaíochta nó seirbhísí ar leith i ndáil leis an gcomhshaol". Anuas air sin, chinn sí gur údarás poiblí atá in BnM laistigh de bhrí Airteagal 3(1)(c) de na Rialacháin sa mhéid is gur duine dlíthiúil é "a bhfuil freagrachtaí nó feidhmeanna poiblí aige, nó a chuireann seirbhísí poiblí ar fáil, i ndáil leis an gcomhshaol faoi smacht comhlachta nó duine a thagann laistigh de mhír (a) nó (b)".

Rinne BnM achomharc ar an gcinneadh chuig an Ard-Chúirt, ach lorg sé go gcuirfí na himeachtaí ar atráth ar feitheamh seachadadh breithiúnais Chás Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gCás C-279/12, Fish Legal agus Shirley v. An Coimisinéir Faisnéise et al. Tar éis an breithiúnas a fháil ar an 19 Nollaig 2013, aistharraing BnM a achomharc.

CEI/12/0004, an tUasal Gavin Sheridan agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (an Chomhairle) – Cinneadh an 20 Nollaig 2013

An raibh an Chomhairle ceart diúltú d'iarratas ar rochtain ar mhíreanna áirithe faisnéise a bhaineann le Greyhound Waste agus aistriú na seirbhíse bailithe dramhaíola ar an mbunús nach faisnéis chomhshaoil laistigh de bhrí na Rialachán atá san fhaisnéis lena mbaineann

Sa chás seo, mo chéad chinneadh mar Choimisinéir um Faisnéis Chomhshaoil, leag mé amach an creat le déileáil le cásanna a d'ardódh ceisteanna um thairseach dlínsiúil agus thug mé tuilleadh soiléirithe maidir le scóip sainmhínithe na faisnéise comhshaoil. Áiríodh sna taifid a bhí i gceist Comhaontú ar Cheannach Sócmhainne a d'fholaigh d'aistriú seirbhís um bailiú dramhaíola na Comhairle chuig oibreoir príobháideach, agus an liosta a bhí ag an gComhairle de na páirtithe ar fad a raibh suim acu ann agus a ndeachthas i dteagmháil leo mar thairgeoirí féideartha do cheannach, ríomhphoist a bhain le socruithe riaracháin, agus taifid eile a bhain leis na hidirbheartaíochtaí maidir le téarmaí tráchtála an chomhaontaithe. Dhiúltaigh an Chomhairle an t-iarratas ina iomláine ar an mbunús nárbh iarratas ar "fhaisnéis chomhshaoil" a bhí ann laistigh de bhrí na Treorach AIE ar a bhfuil na Rialacháin bunaithe.

Luaigh mé arís i gCaibidil 1 an cur chuige a leag mé amach le déileáil le hachomhairc cosúil leis seo a bhaineann le saincheisteanna um thairseach dlínse bailí. Sa chás seo, ghlac mé le cur chuige mo réamhtheachtaí leis an sainmhíniú ar fhaisnéis chomhshaoil. Shoiléirigh mé, áfach, cé go bhfuil an sainmhíniú leathan, ba cheart go léireodh na samplaí a thugtar na cineálacha faisnéise a chuimsíonn sé. I ndáil le halt (c) den sainmhíniú, b'fhacthas dom gur ceist tuairime atá sa nasc idir an fhaisnéis lena mbaineann agus an tionchar ar an bhfaisnéis a bheith dóthanach chun an fhaisnéis a thabhairt faoi raon an tsainmhínithe a d'fhéadfadh brath ar chúinsí an cháis. Thug mé faoi deara, má bhíonn neamhchinnteacht ann, go bhfuil sé cuí aird a thabhairt ar chuspóir AIE mar a léirítear in Aithris (1) den Treoir, ina gcuirtear béim go mbaineann AIE le cinnteoireacht chomhshaoil, ní ar ghníomhaíochtaí riaracháin ginearálta na n-údarás poiblí. Sa bhreis air sin, mhínigh mé, de bharr na ndualgas ar údaráis phoiblí a fhorchuireann AIE, go bhfuil sé ríthábhachtach le sláine AIE nach bhfeictear sa phobal é mar mheicníocht rochtana faisnéis malartach amháin a thuigtear níos fusa amhail a bheith faoi raon an Achta um SF.

Chinn mé gur gníomhaíocht atá i mbailiú dramhaíola laistigh de bhrí Airteagal 3(1)(c) de shainmhíniú na faisnéis comhshaoil agus gur faisnéis faoin ngníomhaíocht sin atá sa Chomhaontú ar Cheannach Sócmhainne a fholaíonn aistriú na seirbhíse um bailiú dramhaíola chuig oibreoir príobháideach agus dá bhrí sin go gcáilíonn an fhaisnéis sin mar fhaisnéis chomhshaoil. Ach, chinn mé go bhfuil an nasc idir na míreanna faisnéise eile ata faoi chaibidil agus aon tionchar ar na gnéithe comhshaoil ábhartha róchianda lena thabhairt faoi raon an tsainmhínithe ar fhaisnéis chomhshaoil faoi na Rialacháin. D'athraigh mé cinneadh na Comhairle dá réir.